2025/1604

8.10.2025

**CINNEADH (AE) 2025/1604 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 7 Bealtaine 2025**

**maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn VII – Coiste na Réigiún**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 ([1]),

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2024) 272 – C10-0074/2024) ([2]),

— ag féachaint do thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí Choiste na Réigiún in 2023 agus dá thuarascáil maidir le bainistiú buiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid i dtaca leis an mbliain airgeadais 2023, maille le freagraí na n-institiúidí ([3]),

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([4]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2023, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 314(10), agus d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([5]), agus go háirithe Airteagail 59, 118, 260, 261 agus 262 de,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([6]), agus go háirithe Airteagail 59, 118, 266, 267 agus 268 de,

— ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0046/2025),

1. ag tabhairt urscaoileadh d'Ard-Rúnaí Choiste Eorpach na Réigiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Choiste na Réigiún don bhliain airgeadais 2023;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún seo anseo ina dhiaidh seo;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig Coiste Eorpach na Réigiún, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

*An tUachtarán*
Roberta METSOLA

*An tArd-Rúnaí*
Alessandro CHIOCCHETTI

([1]) IO L 58, 23.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2023/1/oj.
([2]) IO C, C/2024/5462, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5462/oj.
([3]) IO C, C/2024/5882, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5882/oj.
([4]) IO C, C/2024/6041, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6041/oj.
([5]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.
([6]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.